Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 9 Deireadh Fómhair 2024
(OR. en)

13683/24
PV CONS 45
AGRI 670
PECHE 368

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

23 Meán Fómhair 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 13192/24.

**2. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** 13489/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) 13545/24

Gnóthaí Eacnamaíocha agus Airgeadais

**1. Seasamh ón gComhairle maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2024: Nuashonrú ar ioncam (acmhainní dílse) agus coigeartuithe ar roinnt gníomhaireachtaí díláraithe** S C 13188/24 13190/24 12465/24 FIN

*Glacadh*

*Litir a fhormheas*

a d'fhormheas Coreper, Cuid 2, an 16.9.2024

Ghlac an Chomhairle an seasamh uaithi maidir le dréachtbhuiséad leasaitheach Uimh. 4/2024, (bunús dlí: Airteagal 314 CFAE agus Airteagal 106a den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach).

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

TALMHAÍOCHT

| | | | |
|---|---|---|---|
| **3.** | **Breithniú ar an dara bliain de chur chun feidhme phleananna straitéiseacha CBT**<br>*Faisnéis ón Uachtaránacht*<br>*Seisiún tuairimíochta* | ⍰ | 13126/24 |

Chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún an Chomhairle ar an eolas faoin athbhreithniú ar an dara bliain de chur chun feidhme na bPleananna Straitéiseacha CBT. Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle ar bhonn an nóta ón Uachtaránacht.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Laitvia ar fáil faoin gComhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus faoi fheidhmíocht na Samhla Nua Seachadta, agus an fhaisnéis a chuir an Liotuáin ar fáil maidir le hinfheistíochtaí arna gcistiú ag CETFT a úsáid.

IASCACH

| | | | |
|---|---|---|---|
| 4. | An tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe: na comhairliúcháin bhliantúla maidir le deiseanna iascaireachta do 2025<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 12806/24 |
| 5. | An tAontas agus an Iorua agus stáit chósta: na comhairliúcháin bhliantúla do 2025<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 12807/24<br>+ COR 1 REV 1 |
| **6.** | **Rialachán ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (AE) 2024/257 lena socraítear le haghaidh 2024, 2025 agus 2026 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe, is infheidhme in uiscí an Aontais, agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (An Tríú Leasú)**<br>*Seisiún tuairimíochta* | ⍰ C | 13476/24 |

Bhí seisiún tuairimíochta ag an gComhairle maidir leis na forálacha a bhaineann le hainseabhaithe in uiscí Ibéaracha an Atlantaigh mar shaincheist atá fós gan réiteach maidir leis an 3ú leasú ar an Rialachán maidir le TACanna agus Cuótaí 2024.

TALMHAÍOCHT

| | | | |
|---|---|---|---|
| 7. | Staid an mhargaidh, go háirithe tar éis an ionraidh a rinneadh ar an Úcráin<br>*Faisnéis ón gCoimisiún agus ó na Ballstáit*<br>*Seisiún tuairimíochta* | | 13490/24 |

**Aon ghnó eile**

Talmhaíocht

**8.** (a) **An Comhbheartas Talmhaíochta (CBT) agus feidhmíocht na Samhla Seachadta Nua** 13500/24
*Faisnéis ón Laitvia, le tacaíocht ón mBulgáir, ón gCróit, ón gCipir, ón tSeicia, ón Danmhairg, ón Eastóin, ón bhFionlainn, ón bhFrainc, ón nGearmáin, ón nGréig, ó Éirinn, ón Iodáil, ón Liotuáin, ó Lucsamburg, ó Mhálta, ón bPortaingéil, ón Rómáin, ón tSlóvaic, ón tSlóivéin, ón Spáinn agus ón tSualainn*

Pléadh mír 8(a) agus mír 3 le chéile.

**(b) Infheistíochtaí arna gcistiú ag CETFT a úsáid** 13526/24
*Faisnéis ón Liotuáin, le tacaíocht ón mBulgáir, ón Eastóin, ón Laitvia agus ón Spáinn*

Pléadh mír 8(b) agus mír 3 le chéile.

**(c) An 27ú seisiún de Choiste FAO um Fhoraoiseacht (COFO27) (an Róimh, an 22-26 Iúil 2024)** 13424/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir le toradh an 27ú seisiún de Choiste FAO um Fhoraoiseacht (COFO27) agus tuairimí na dtoscaireachtaí.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an Fhionlainn ar fáil thar ceann na hOstaire, na Fionlainne, na Fraince, na Slóivéine agus na Sualainne, agus le tacaíocht ón gCróit, ón tSeicia, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSlóvaic maidir leis an mbealach chun cinn san fhaireachán ar fhoraoisí, agus thug sí dá haire freagairtí an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí.

**(d) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Faireachán ar Fhoraoisí: An Bealach Chun Cinn** ❶C 13550/1/24 REV 1
*Faisnéis ón bhFionlainn, thar ceann na hOstaire, na Fionlainne, na Fraince, na Slóivéine agus na Sualainne, le tacaíocht ón gCróit, ón tSeicia, ón Laitvia, ón Liotuáin, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón tSlóvaic*

Pléadh mír 8(d) agus mír 8(c) le chéile.

**(e) Cruinniú mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le seirbhísí tréidliachta (Búdaipeist, an 11 Meán Fómhair 2024)** 13487/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil faoin gcruinniú mullaigh idir an tAontas agus na Balcáin Thiar maidir le seirbhísí tréidliachta a tionóladh i mBúdaipeist an 11 Meán Fómhair 2024, agus na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(f) Eipidéim PPR (plá na n-athchogantach beag) – fadhb Eorpach – bearta glactha** 13572/24
*Faisnéis ón nGréig*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Ghréig ar fáil faoi eipidéim phlá na n-athchogantach beag sa Ghréig, agus na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis a chuir an tSualainn ar fáil maidir leis na hiarrachtaí chun leathadh fhiabhras Afracach na muc sa tSualainn a laghdú, agus na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(g) Iarrachtaí chun leathadh fhiabhras Afracach na muc sa tSualainn a laghdú** 13459/24
*Faisnéis ón tSualainn*

Pléadh mír 8(g) agus mír 8(f) le chéile.

**(h)** **An gá atá le maolú ar an gcóras ríomhchlárúcháin éigeantach maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí** ☑ 13285/24
*Faisnéis ón bPolainn*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Pholainn ar fáil faoin ngá atá le maolú ar an gcóras éigeantach ríomhchlárúcháin le haghaidh úsáid táirgí cosanta plandaí, agus na hidirghabhálacha ó na toscaireachtaí agus ón gCoimisiún.

**(i)** **An dara seisiún den Fhochoiste um Beostoc de Choiste FAO um Thalmhaíocht (an Róimh, an 16-18 Iúil 2024)** ☑ 13455/24
*Faisnéis ón Uachtaránacht agus ón gCoimisiún*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht agus an Coimisiún ar fáil maidir le toradh an dara seisiún den Fhochoiste um Beostoc de Choiste FAO um Thalmhaíocht.

(j) Méadú ar chabhair *de minimis* in earnáil na talmhaíochta 13588/24
*Faisnéis ón nGearmáin, le tacaíocht ón Ostair*

**(k)** **An bhagairt triomaigh ar an Earnáil Phríomhúil i mBallstáit na Meánmhara (Cruinniú Aireachta Talmhaíochta MED9, an Chipir, an 1-3 Meán Fómhair 2024)** ☑ 13305/24
*Faisnéis ón gCipir*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ó thoscaireacht na Cipire maidir leis an mbagairt ó thriomach don earnáil phríomhúil i mBallstáit na Meánmhara.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis ó thoscaireacht na hIodáile, le tacaíocht ón mBulgáir, ón nGréig, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón Spáinn, maidir le bearta coimirce uathoibríocha d'allmhairí ríse ó thíortha ÚBE.

Thug an Chomhairle dá haire freisin an fhaisnéis ó thoscaireacht na Bulgáire, le tacaíocht ón Rómáin, maidir le bearta cosanta de réir Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/1392 agus go háirithe lena gcuirtear toirmeasc ar uibheacha de thionscnamh na hÚcráine a allmhairiú.

Ar deireadh, thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis ón mBeilg maidir le tionchar agus iarmhairtí leathadh an víris ghormtheanga – a indéanta atá sé cúlchiste géarchéime CBT a úsáid.

Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí eile agus an Choimisiúin.

**(l) Tograí reachtacha atá á scrúdú faoi láthair**
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**Beart coimirce uathoibríoch maidir le hallmhairí ríse ó Thíortha ÚBE** ❶ C 13525/24 + COR 1
*Faisnéis ón Iodáil, le tacaíocht ón mBulgáir, ón nGréig, ón bPortaingéil, ón Rómáin agus ón Spáinn*

Pléadh mír 8(l) agus mír 8(k) le chéile.

**(m) Bearta cosanta de réir Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2024/1392 agus go háirithe toirmeasc ar uibheacha de thionscnamh na hÚcráine a allmhairiú** [2] 13482/24
*Faisnéis ón mBulgáir, le tacaíocht ón Rómáin*

Pléadh mír 8(m) agus mír 8(k) le chéile.

**(n) Tionchar agus iarmhairtí leathadh an víris ghormtheanga – a indéanta atá sé cúlchiste géarchéime CBT a úsáid** [2] 13524/24
*Faisnéis ón mBeilg*

Pléadh mír 8(n) agus mír 8(k) le chéile.

---

❶ An chéad leamh

S Nós imeachta reachtach speisialta

C Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

[2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)